AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uiṁ. 36. Dé hAoine, 15ú D. Fómair, 1965

EAGARḞOCAL. 15-10-65.

AG FANOĊ LE SCÉIM

AR ĊEANN DE NA RUDAÍ A FÓGRAÍOḊ LE DRIOPÁS, tar-éis foilsiú an Ṗáipéir Ḃáin, dúraḋ go mbeaḋ na deontaisí céanna a ḃí le fáil i gCloiċeannaola agus an Spidéal, fá ċoinne tógáil tíṫe trátaí, le fáil áit ar biṫ ar fud na Gaeltaċta feasta. Ċuireamar fáilte roiṁ sin san am. Dúramar gur ṁaiṫ an rud é, agus ṁolamar insan ṗáipéar seo, agus ar slíṫe eile, do ṗobal na Gaeltaċta, gaċ áit, agus do ṫreoraiṫe na Gaeltaċta, glacaḋ leis an scéim seo, agus iarraċt a ḋéanaṁ ar é leaṫnú. Dúramar fosta, go raiḃ an margaḋ ann fá ċoinne trátaí agus gur ċeart don Ġaeltaċt féaċaint leis an sciar ba ṁó ab' ḟéidir don ṁargaḋ sin ḟáil, agus naċ dtiocfaí sin a ċinntiú, aċ tré ṫosnú láiṫreaċ ar tíṫe gloine de ṫrátaí a ċur suas.

TIMPEALL DEIREAḊ AN ḞÓṀAIR, an t-am is fearr fá ċoinne obair mar seo a ḋéanaṁ ins na ceantair Gaeltaċta, aċ go h-áiṫrid, nuair atá obair an ḟóṁair ṫart, agus an feirmeoirí (más féidir feirmeoirí a ṫaḃairt orṫa) ar ġanntanas oibre. Déanta na fírinne, tá an scéal níos práinní ná sin arís, mar sé an nóḋ graiṫe insan Ġaeltaċt san am i láṫair, go ndéanann na daoine iarraċt an ṁór le graiṫí an ḟóṁair a ċríoċnú i ndeireaḋ mí Ṁeán-Ḟóṁair, nó b'ḟéidir tús mí Ḋeireaḋ Ḟóṁair, nuair a baintear na préataí. Agus ansin, ċoṁ lua géar agus a bíonn an obair seo críoċnaiṫe, tugann na fir, óg agus aosta, aġaiḋ ar Albain, leis an ġeiṁreaḋ a ċaiṫeaṁ ag saoṫrú ar an ċoigċríċ. Sin nóḋ agus saol pobal na Gaeltaċta, le deiċ mbliana anuas, aċ go h-áiṫrid.

IS EOL DÚINN GO RAIḂ ROINNT de na daoine seo — fir teaġlaí, a ċaiṫeann leaṫ na bliana, nó trí-ċeaṫrú den bliain, ṫall in Albain, agus go raiḃ siad ag smaoineaṁ ar taḃairt faoi teaċ gloine a ṫógáil nuair a d'ḟógraiġ sinne an t-eolas go mbeaḋ na deontaisí le fáil ar fud na Gaeltaċta go léir. Scríoḃaḋ litreaċa ċuig an ṗáipéar seo agus cuireaḋ ceisteanna orainn fá dtaoḃ de na deontaisí agus lorgaíomar an t-eolas. Aċ, ní raiḃ an t-eolas le fáil ó Roinn na Gaeltaċta. Dúraḋ go raḃṫar ag ceapaḋ scéim nua deontaisí, agus naċ raiḃ sé ar fáil go fóill. Tuigtear go ḃfuil moill éigin taréis scéim nua a ḟógairt leis na rialaċáin agus na coinníollaċa a eagrú, aċ ba ċeart naċ raċaḋ an ṁoill sin ṫar cúpla seaċtain, agus ba ċeart go mbeaḋ eolas faoi scéim na dtrátaí ar fáil go leiṫéadaċ ar fud na Gaeltaċta, taréis gur fógraíoḋ an scéim mar scéim a ḃí ann, tá sé mí ó ṡin anois. Agus tá sé an táḃaċtaċ anois, ar son pobal na Gaeltaċta, go gcuirfí na rialaċáin agus na coinníollaċa seo ar fáil go leiṫéadaċ, do ṗobal na Gaeltaċta gan a ṫuille moille.

DÉANTA NA FÍRINNE, tá sé an táḃaċtaċ go mbeaḋ coinníollaċa agus téarmaí na scéime foilsíṫe agus scaipṫe an tseaċtain seo, nó an tseaċtain seo ċugainn, sul a dtéann cuid mór de fir teaġlaí anonn go hAlbain nó go Sasain. Má ṫéann siad anonn, ní ḃeiḋ siad ábalta cúrsaí a láiṁseáil nó socraiṫe a ḋéanaṁ fá ċoinne na dtíṫe gloine a ṫógáil, agus ní ḃeiḋ siad réiḋ fá ċoinne an t-séasúr seo ċugainn. Mar sin de, tá sé ṫar a ḃeiṫ práinneaċ go mbeaḋ coinníollaċa na scéime seo fógraiṫe an tseaċtain seo ċugainn ar an taoḃ is moille de, agus go gcuirfí an scéala go leiṫéadaċ fríd pobal na Gaeltaċta san dóiġe go mbainfear leas as an scéim, más is scéim fiúntaċ é gur féidir leas a baint as.

AGUS MÁS SCÉIM FIÚNTAĊ é, molfaiḋ muidne, mar ḋream aṁáin, do ṗobal na Gaeltaċta, glacaḋ leis. Aċ, tá gá le práinn insan scéal insan am i láṫair.

GÉARṖRÁINN I DTÍRĊONAILL

SCRIOS AGUS DAMÁISTE INDIAIḊ NA DTUILLTE

DÉ CEADAOINE NA SEAĊTAINE SEO ĊAITE, TOSAIĠ AN FEARṪAIN, AGUS LEAN SÉ GAN STOPAḊ GAN STAONAḊ AR FEAḊ DÁ-UAIR-DÉAG AGUS LEAN SÉ I GCUID ṀÓR ÁITEAĊA FRÍD AN ĊONDAE, AR FEAḊ 24 UAIR. ANSIN, ṪOSAIĠ NA TUILLTEAĊA A' CRUINNIÚ, AGUS ROIṀ ṀAIDIN ḊIARDAOIN, ḂÍ NA TUILLTE BA ṀEASA A ĊONAĊAS RIAṀ, SA ĊONDAE.

Ḃí aċan ḃealaċ isteaċ na Ċloċán Liaṫ, agus amaċ as gearrṫa ar fad ag na tuillte, agus ḃí an ospidéal scarṫa ar fad ar ṡiúl ón ċuid eile den ċondae.

Líon an dá loċ ag an droiċead ḃeag treasna gur ḃuail siad lena ċéile. agus gan bealaċ ar biṫ le feiceáil eatarṫa. Ba é a ḋalta ċéanna é ag Bealaċ Ġaoṫ Doḃair, agus bealaċ taoḃ amuiġ de Ṗanc An Aonaiġ agus bealaċ Ailt an Ċorráin.

Ar feaḋ lá iomlán, ní raiḃ tráċt ar biṫ ábalta ḋul isteaċ na Ċloċán Léiṫ, nó ṫeaċt amaċ. Amuiġ faoi na cnoic ḃí sé níos measa ar fad, agus tá bailte go fóill naċ raḃṫar ábalta fáil isteaċ ḟad leo.

Gleann Ḟinne, ba ṁeasa ar fad, leis an ḃáisteaċ buan. a ċruinniġ na tuillte go gasta. Ḃí an t-uisce a' cárnaḋ anuas ó Loċ Finne, agus aċan srután ag teaċt ó aċan taoḃ ag líonaḋ isteaċ. Ḃí an aḃainn ag méadú agus an t-uisce ag éirí d'réir mar ḃí sé ag dul síos an Gleann cúng, agus os cionn an Ċloċáin, scuab sé an droiċead glan ar ṡiúl, amaċ as an ḃealaċ agus ṗlúċ agus ṗlódaiġ an t-uisce leis, síos ag carnaḋ gaċ rud roiṁe. Ard agus mar atá an droiċead coise treasna ċuig Teaċ Pobail Gleann Ḟinne, rinneaḋ doċar mór dó.

Ḃí cnapáin carraigeaċa agus aḋmad ar iompar ag an tuillte. agus ab é ċoṁ h-árd agus ḃí an droiċead coise, ḃeaḋ sé na smidiríní.

Aċ, ó sin síos ba ṁeasa ḃí 'n scéal. Ḃí an t-uisce ag brú síos ar fad, agus gan é ábalta imeaċt gasta go leor ar an talaṁ coṫrom síos. Mar sin de, ċarn sé suas ag dul isteaċ go Bealaċ Féiċ dó, agus spréiġ an t-uisce, agus d'éiriġ sé níos airde ná ċonactas ariaṁ é, le cuiṁne na ndaoine. Líon sé isteaċ insan halla Butt, i mBealaċ Féiċ, agus damsa ar siúl, agus ḃí leán ar an rud a ḃí istiġ.

B'éigin do na daiṁseoirí uiliġ an t-urlár a ṫréigḃeáil agus riṫ lena n-anam ar na h-aileír. Ḃeaḋ an t-urlár féin scuabṫa ċun bealaí, aċ ab é go raiḃ sé i ḃfastó go daingean ins na ballaí.

Ní raiḃ cuma ar biṫ sioṫló ar an tuille, agus cuid de na daiṁseoirí, b'éigin díoḃṫa siúl fríd an uisce suas go dtí na muinéil le fáil amaċ, aċ sin a raiḃ ar a ṡon acu indiaiḋ fáil amaċ, nó ní raiḃ siad ábalta ḟáil isteaċ ina gcuid cáranna, nó ḃí na cáranna féin líonta le huisce. Ḃí slua mór daoine naċ raiḃ ábalta ḋul na baile, agus coinníoḋ cuid acu i dTeaċ na mBoċt i Sraiṫ an Urláir.

Tá léan ar fad ar an méid eallaċ agus caoirí a cailleaḋ ins na tuillte, suas fríd Ġleann Finne.

In Árd a' Ráṫa ḃí tuillteaċa boċta fosta, agus b'éigin daoine ṫaḃairt amaċ as a gcuid tíṫe le bádaí. Ḃí an Aḃainn Aoḋa agus an Aḃainn Toċar líonta go lua, agus do réir mar ḃí an tuille ag cárnú síos, ḃí an scéal níos measa.

Ní ḟactas a leiṫéid de tuillte ariaṁ i nDún na nGall, agus maidin agus tráṫnóna Diardaoin ní raiḃ le feiceáil aċan áit aċ mar a ḃeaḋ farraige uisce agus sléiḃte ag gobaḋ aníos amaċ as.

Taoḃ teas de Ḋún na nGall, scuab uisce an Aḃainn Éanaiġ an droiċead ag Inḃear ar ṡiúl agus ḃí an bealaċ gearrṫa amaċ go dtí na Cealla Beaga, agus Cill Ċarṫa agus Gleann Comcille.

I mBaile Ḋún na nGall féin, ḃí an damsa san halla Pabesi faoi tuille uisce. Ag Árd a' Ráṫa scuabaḋ ar ṡiúl cuid den droiċead os cionn Aḃainn Aoḋa.

Ní raiḃ tráċt ábalta ḋul ar an bealaċ idir Béal Áṫa Seanaiġ agus Dun Doḃráin agus mar 'tá sé. Agus ḃí an bealaċ gearrṫa ag Láṫaiġ, ċoṁ maiṫ, le tuillteaċa.

Tá an fóṁar millte scriosṫa in cuid ṁór áiteaċa fríd an taoḃ ṫiar de Ḋún na nGall.

RIARAĊAN EASTÁIT TIONSCLAĊ

IS GÁ ÚDARAS FÁ LEIṪ SA ĠAELTAĊT

FAOI RIARAĊÁN NA N-EASTÁIT TIONSCLAĊ, NÓ IONAD FÁS, DEIREANN AN COISTE GO MOLANN SIAD GO MBEAḊ SÉ SEO MAR ĊÚRAṀ AR NA HÚDARÁISÍ ÁITIÚLA.

Agus ṫug siad mar ċúiseanna leis seo, go raiḃ cuṁaċtaí ag na h-údaráis seo fá ċoinne pleanáil, forbairt, tógáil, bainistíoċt agus coṫaḃáil eastáit tionsclaċ. Go raiḃ cleaċtaḋ ag Bainisteoirí Condae, Innealtóirí agus Oifigeoirí eile de Údaráis Áitiúla, a ḃeiṫ ag deiġleáil le Tionsclóirí agus ag socrú cúrsaí bóṫar aise, agus uisce agus séaraċas, agus go mbeaḋ na taiṫí seo úsáideaċ in forbairt eastáit tionsclaċ. Go gcaiṫfí coṁ-eagrú a ḋéanaṁ ar forbairt tionsclaċ agus pleanáil bailte. Go ḃféadfaḋ tionsclóir a ḃeiṫ cinnte de go ndéanfaí forbairt ar biṫ adéarfaí a ḃí le déanaṁ dá mba é an t-Údarás Áitiúil a ḃí i mbun an eastáit tionsclaċ.

Agus má ḃí na eastáit tionsclaċ le h-úsáid mar spreagaḋ fá ċoinne fás bailte móra, go raiḃ cúiseanna maiṫe leis na cúramaí faoi an údarás pleanála a ċoṁ-aontú.

Is cosúil mar sin féin, naċ mar sin a ḃéas, mar d'ḟógraiġ an tAire Rialtas Áitiúil, agus é a' caint tá tamall ó ṡin, gurb é an Fóras Tionscail ⁊ a ḃeaḋ i mbun riaraċán na n-eastáit tionsclaċ seo.

Tá cúiseanna maiṫe leis seo, ar slí aṁáin, mar atá taiṫí ag an Fóras Tionscail ar iarraċtaí a ḋéanaṁ ċun tionsclóirí a ṫarraingt go dtí an tír seo, agus a ḃeiṫ ag deiġleáil le cúrsaí tionscail agus eolas réasúnta acu ar an cineál monarcan atá ag teastáil fá ċoinne tionscail ar leiṫ, agus staidéar déanta acu ar na seansanna maireaċtála atá ag mórán mór saġasanna tionscal.

Aċ ní oirfeaḋ ceaċtar den dá údarás seo, nó h-Údaráistí Áitiúla, nó an Fóras Tionscail do eastáit Tionsclaċ sa Ġaeltaċt, ar an áḃar naċ ḃfuil clú Gaelaċ ar na h-Údaráisí Áitiúla aċ a ṁalairt ar fad agus gur ag cur Béarla ċun cinn go tréan agus go daingean, agus go dolba, ar feaḋ daċaḋ bliain, atá siad ó fuaireamar ár Rialtas féin, agus ġlac an náisiún seo le polasaí na Gaeilge. Níl dearcaḋ ar biṫ de ṫairḃe na Gaeilge ag Fóras Tionscail, agus tá an eagras, agus pearsanrú an údaráis sin, déanta suas de ḋaoine naċ raiḃ dearcaḋ ar biṫ acu i leiṫ na Gaeilge, mar ċoinníoll dá gceapaċán.

Mar sin de, má tá Eastáit Tionsclaċ le h-úsáid, mar ċuid de ṗolasaí Aṫḃeoḋana na Gaeilge, agus go speisialta polasaí an náisiúin seo do ṡlánú na Gaeltaċta, caiṫfear údarás eile a ḃeiṫ ina ḃun, ċun bainistíoċt a ḋéanaṁ ar eastát tionsclaċ den ċineál seo. Céard é an saġas údarás a ba ċóir a ḃeiṫ ina ḃun?

DÁ ROĠA

Tá dá roġa againn ar tús — Roinn na Gaeltaċta, nó Gaeltarra Éireann.

Dá m'ḟéidir Roinn na Gaeltaċta a ḃeiṫ i mbun eastát nó eastáit tionsclaċ sa Ġaeltaċt, b'ḟéidir gur ṁaiṫ an rud é, mar is cinnte, naċ ḃfuil dóṫain, nó leaṫ dóṫain gnóṫaí ar siúl ag Roinn na Gaeltaċta faoi láṫair le leiṫscéal féin, ní hé aṁáin cúis, go mbeaḋ Roinn iomlán ann.

ḂFUIL ÚDARÁS LEIS

Seans gur sin an fáṫ gur ġlac daoine áiṫrid go forṁóṫaiṫe gan callán gan tormán ar biṫ, leis an molaḋ a ḃí insan Ṗáipéar Ḃán, go ndéanfaí Roinn na Gaeilge de, agus tá an t-aṫrú ó Roinn na Gaeltaċt, go dtí Roinn na Gaeilge, ar siúl go forṁóṫaiṫe le roinnt míosaí anuas. Aċ, ní maiṫ an rud an t-aṫrú sin, mar is ċun gnó ar leiṫ a ḋéanaṁ mar Roinn na Gaeltaċta, leis an Ġaeltaċt a ṡlánú, a ċeap Dáil Éireann an Roinn seo. Agus tá censt an ṁór ar fad taoḃ ṫiar de, an féidir le aon duine aṫrú mar seo a ḋéanaṁ gan údarás ar leiṫ ó Ḋáil Éireann ċuige, agus go fios dúinn, níl an t-údarás sin ann.

Aċ, ar scor ar biṫ, an féidir Roinn na Gaeltaċta a ḃeiṫ i mbun eastáit tionsclaċ. D'ḟéidir naċ ḃfuil aon cúrsaí riaraċán ina ċoinnib, aċ is cinnte, naċ ḃféadfaí rud mar eastáit tions-

(Ar lean. ar leaṫ. 3)